



An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2023
(OR. en)

9313/23

LIMITE

DROIPEN 73
COPEN 153
JAI 617
FREMP 143
SOC 318
CODEC 858

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0426(COD)**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint - Cur chuige ginearálta

I. RÉAMHRÁ

1. I mí na Nollag 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint.¹
2. Bhí measúnú tionchair agus teachtaireacht ag gabháil leis an togra.²

¹ 16322/22.

² 16322/22 ADD 1, 16322/22 ADD 2, 16322/22 ADD 3, 16322/22 ADD 4, 16322/22 ADD 5.

3. Thug an Coimisiún dá aire, dá bhrí sin, gur gá Treoir 2011/36/AE a leasú chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí atá ag teacht chun blátha i réimse na gáinneála ar dhaoine, chomh maith le heasnamh a sainaithníodh léi, agus chun iarrachtaí i gcoinne na coire seo a neartú.

II. OBAIR AR LEIBHÉAL NA MEITHLE

4. Tar éis an togra a thíolacadh, chuir an Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (COPEN) tús lena scrúdú, faoi Uachtaránacht na Sualainne ar an gComhairle. Lean an scrúdú ar aghaidh measartha tapa agus thángthas ar chomhaontú ginearálta maidir le roinnt coigeartuithe ar téacs an togra.
5. Tar éis an chruinnithe a bhí ag Comhairleoirí CGB an 17 Bealtaine 2023, chinn an Uachtaránacht go bhféadfaí téacs atá comhionann leis an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a chur faoi bhráid Coreper d'fhonn an cur chuige ginearálta ón gComhairle a ullmhú.

III. CONCLUÍD

6. I bhfianaise an mhéid thuas,

iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú maidir leis an togra le haghaidh Treorach mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn³ a ghabhann leis an nóta seo a dhearbhu; agus
- a mholadh don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs sin;

Iarrtar ar an gComhairle:

- teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a bheidh mar bhonn don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa faoi chuimsiú an ghnáthnós imeachta reachtaigh (Airteagal 294 CFAE).

³ Léirítear na modhnuithe a rinneadh ar an togra bunaidh le **cló trom** nó le [...].

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac
agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 82(2)
agus 83(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

[*Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*¹,

*Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún*²,]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is coir thromchúiseach í gáinneáil ar dhaoine, a dhéantar go minic faoi chreat na coireachta eagraithe. Is sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha í agus tá toirmeasc sainráite uirthi i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tosaíocht de chuid an Aontais agus na mBallstát go fóill is ea gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac.
- (2) Is é atá i dTreoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ príomhionstraim dlí an Aontais maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus íospartaigh na coire sin a chosaint. Leagann an Treoir sin creat cuimsitheach amach chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine trí rialacha íosta a leagan síos maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainmhíniú. Áirítear leis forálacha coitianta chomh maith chun cosc agus cosaint na n-íospartach a neartú, agus gné na hinscne á cur san áireamh.

³ Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle, [IOL 101](#), 15.4.2011, lgh. 1[...].

- (3) Leagtar amach i Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025⁴ freagra beartais a ghlacann le cur chuige ildisciplíneach agus cuimsitheach idir cosc a chur trí íospartaigh a chosaint agus gáinneálaithe a ionchúiseamh agus a chiontú. Áiríodh sraith gníomhaíochtaí ann le cur chun feidhme in éineacht le rannpháirtíocht láidir ó eagraíochtaí sochaí sibhialta. Chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí atá ag teacht chun blátha i réimse na gáinneála ar dhaoine, chomh maith le heasnamh a d'aithin an Coimisiún, agus chun iarrachtaí i gcoinne na coire seo a neartú, is gá, mar sin féin, Treoir 2011/36/AE a leasú. [...] Baineann easnamh i bhfreagra an dlí choiriúil a aithníodh a éilíonn oiriúnú ar an gcreat dlíthiúil le cionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a rinneadh ar mhaithe le daoine dlítheanacha, leis an gcóras bailithe sonraí, agus leis na córais náisiúnta a dhírítear ar luath-aithint na gáinneála, cúnamh le híospartaigh na gáinneála agus tacaíocht dóibh.

⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025, [COM\(2021\) 171 final](#), 14.4.2021.

- (4) Chun dul i ngleic leis an méadú leanúnach ar líon agus ábharthacht na gcionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a dhéantar chun críocha seachas dúshaothrú gnéasach nó saothair, is gá pósadh éigeantais agus uchtú neamhdhleathach a chur san áireamh i bhfoirmeacha saothraithe a liostaítear go soiléir [...] i dTreoir **2011/36/AE** agus chun a áirithiú go dtugann na Ballstáit aghaidh laistigh dá gcórais dlí an raon is leithne agus is féidir de dhúshaothrú, a mhéid a chomhlíonann siad sin eilimintí bunaitheacha na gáinneála ar dhaoine. **D'fhéadfadh pósadh éigeantais agus uchtú neamhdhleathach teacht faoi raon feidhme na gcionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine mar a shainmhínítear sa Treoir iad, ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir uile maidir leis na cionta sin. Mar sin féin, i bhfianaise thromchúis na gcleachtas sin, ba cheart dúshaothrú an phósta éigeantais agus an uchtaithe neamhdhleathaigh a áireamh go sainráite mar chineálacha dúshaothraithe i dTreoir 2011/36/AE. Tá na rialacha sa Treoir seo gan dochar do na sainmhínithe ar phósadh, ar uchtú, ar phósadh éigeantais agus ar uchtú neamhdhleathach, nó ar chionta gaolmhara, i gcás ina bhforáiltear dóibh sa dlí náisiúnta nó idirnáisiúnta.**

- (5) Déantar nó éascaítear líon cionta atá ag dul in airde a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine trí theicneolaíochtaí faisnéise nó cumarsáide. **Is minic** a úsáideann gáinneálaithe an t-idirlíon agus na meáin shóisialta *inter alia* chun íospartaigh a earcú, a fhógairt nó a dhúshaothrú, smacht a fheidhmiú agus iompar a eagrú. Úsáidtear an t-idirlíon agus na meáin shóisialta freisin chun ábhair dhúshaothraithe a dháileadh. Cuireann teicneolaíocht fhaisnéise isteach ar bhrath tráthúil na coire agus ar aithint na n-íospartach agus dhéantóirí na coire freisin. **Áirítear cheana féin sa chreat dlíthiúil atá ann cheana i dTreoir 2011/36/AE, faoi raon feidhme an tsainmhínithe ar gháinneáil ar dhaoine, coireanna a dhéantar trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, mar shampla maidir le híospartaigh a earcú agus a dhúshaothrú, a n-iompar agus a gcóiríocht a eagrú, íospartaigh a fhógairt ar líne agus teagmháil a dhéanamh le cliaint ionchasacha, smacht ar íospartaigh a fheidhmiú agus cumarsáid a dhéanamh idir déantóirí na coire, lena n-áirítear gach idirbheart airgeadais gaolmhar. Chun aghaidh a thabhairt ar *modus operandi* sin na ngáinneálaithe, ní mór d'údaráis forfheidhmithe dlí feabhas a chur ar a gcumais dhigiteacha agus ar a saineolas digiteach, chun coinneáil bord ar bhord le forbairtí teicneolaíochta. Ina theannta sin, iarrtar ar na Ballstáit a marana a dhéanamh ar bhearta coisctheacha, go háirithe chun an t-éileamh a dhíspreagadh, lena dtugtar aghaidh ar shaincheist mhí-úsáid na seirbhísí ar líne a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine. [...]**

- (6) Chun an freagra ceartais choiriúil ar chionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a rinneadh chun tairbhe daoine dlítheanacha agus chun déanamh na gcionta sin a dhíspreagadh, [...] **ba cheart** córas na smachtbhannaí in aghaidh daoine dlítheanacha a shoiléiriú [...].
- (7) [...] ⁵[...] **I dTreoir [2014/42/AE] leagtar síos rialacha íosta maidir le hionstraimeachtaí agus fáltais ón gcoireacht a reo agus a choigistiú in ábhair choiriúla, agus tá feidhm aici maidir leis na cionta coiriúla a chumhdaítear le Treoir 2011/36/AE. Dá bhrí sin, tá forálacha Threoir 2011/36/AE maidir le reo agus coigistiú imithe i léig agus ba cheart iad a aisghairm.**

⁵ [...]

- (8) Chun feabhas a chur ar an gcumas náisiúnta chun íospartaigh a shainaithint ar chéim luath, agus chun iad a chur ar aghaidh go dtí na seirbhísí cosanta, cúnamh agus tacaíochtaí iomchuí, is gá a bhunú trí dhlíthe, rialacháin, nó forálacha riaracháin [...] sásra [...] atreorúcháin **amháin nó níos mó** sna Ballstáit. Is bearta fíor-riachtanacha iad sásraí [...] atreorúcháin foirmiúla agus pointí fócasacha [...] a cheapadh ar mhaithe le hatreorú **trasteorann** íospartach chun comhar trasteorann a fheabhsú. **Ba cheart sásra atreorúcháin a bheith ina chreat trédhearcach, inrochtana agus comhchuibhithe lena n-éascófaí luathbhrath agus aithint íospartaigh na gáinneála, tacaíocht agus cúnamh d'íospartaigh na gáinneála agus iad a atreorú chuig na heagraíochtaí agus na comhlachtaí náisiúnta freagracha. Le creat den sórt sin, ba cheart na húdaráis inniúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí eile rannpháirteacha a shainaithint agus a bhfreagrachtaí faoi seach a leagan amach, lena n-áirítear na nósanna imeachta agus na bealaí cumarsáide. Féadfaidh na sásraí sin a bheith ina dtacar de nósanna imeachta, treoirlínte, creatphrótacail nó socruithe comhair atá bunaithe cheana. Ba cheart feidhm a bheith ag sásra atreorúcháin maidir le gach íospartach agus gach cineál cion gáinneála, agus leochaileacht gach íospartaigh á cur san áireamh. Ba cheart na pointí fócasacha a bheith ina bpointí teagmhála d'atreorú trasteorann íospartach. Féadfar iad a bhunú ar shásraí nó ar struchtúir rialachais atá ann cheana agus ní bheidh gá na sásraí náisiúnta gearáin ná na mbeolínthe a ionadú. Moltar do na Ballstáit sásra náisiúnta aonair amháin agus pointe fócasach aonair amháin a bheith i bhfeidhm acu, i gcás ina gceadaíonn eagrú an riaracháin phoiblí amhlaidh.**

- (9) Chun na hiarrachtaí ceartais choiriúil maidir le laghdú ar éileamh a neartú agus a chomhchuibhiú níos mó ar fud na mBallstát, tá sé tábhachtach úsáid seirbhísí a choiriúla **nuair is eol don úsáideoir gur íospartach ciona gáinneála é [...] an duine a sholáthraíonn na seirbhísí.** Is cuid de chur chuige cuimsitheach maidir le laghdú ar éileamh é seo a bhunú mar chion choiriúil, atá mar aidhm aige dul i ngleic le leibhéil arda éilimh a chothaíonn gach foirm den dúshaothrú. **Níor cheart an coiriúlú a dhíriú ach ar úsáid na seirbhísí a sholáthraítear faoi chuimsiú an dúshaothraithe a chumhdaítear leis an gcion a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine.** Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an gcion maidir le custaiméirí a cheannaíonn táirgí a tháirgtear faoi dhálaí dúshaothraithe saothair, ós rud é nach úsáideoirí seirbhíse iad.

- (10) Tá bailiú sonraí cruinne agus comhleanúnacha agus foilsiú tráthúil sonraí agus staitisticí a bhailítear rithábachtach chun eolas iomlán a áirithiú maidir le raon feidhme na gáinneála ar dhaoine laistigh den Aontas. Táthar ag súil le go mbeidh céim ábhartha i gceist le ceanglas a thabhairt isteach le haghaidh Ballstát le sonraí staidrimh maidir le gáinneáil ar dhaoine a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún gach bliain ar bhealach comhchuibhithe chun an tuiscint ghinearálta den fheiniméan a fheabhsú agus chun a áirithiú go nglactar le beartais agus straitéisí a bhfuil bunús sonraí leo. [...] **Moltar do na Ballstáit gráinneacht an bhailithe bhliantúil sonraí a tugadh isteach in 2022 a choinneáil ar bun, bunaithe ar na treoirlínte a comhaontaíodh idir na Ballstáit agus Eurostat, a bhfuil staidreamh curtha ar fáil acu a úsáideadh don tuarascáil de bhun Airteagal 20 de Threoir 2011/36/AE agus do Thuarascáil Dhomhanda bhliantúil Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta maidir le Gáinneáil ar Dhaoine.**
- (11) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon gáinneáil ar dhaoine a chosc agus íospartaigh na coire seo a chosaint, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bhrí fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

- (12) Tugtar urraim leis an Treoir do na cearta bunúsacha agus comhlíontar léi na prionsabail a aithnítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe meas ar dhínit an duine agus í a chosaint, cosc ar sclábhaíocht, ar shaothar éigeantais agus ar gháinneáil ar dhaoine, an ceart um iomláine an duine, an toirmeasc ar chéasadh agus ar íde nó pionós mídhaonna nó táireach, an ceart chun saoirse agus slándála, sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh, an comhionannas idir mná agus fir, cearta an linbh, cearta na ndaoine faoi mhíchumas, agus an toirmeasc ar leanaí a bheith ag obair, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta maidir le cionta agus pionóis choiriúla. Go háirithe leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar na cearta agus na prionsabail sin atá le cur i bhfeidhm dá réir sin.
- (13) [...] I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn, trí litir **an 20 Aibreán 2023**⁶, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.

⁶ 8928/23.

- (14) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
- (15) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin⁷, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad ina mínítear an gaol idir comhpháirteanna de threoir agus codanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.
- (16) Dá bhrí sin ba cheart Treoir 2011/36/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2011/36/AE

Leasaítear Treoir 2011/36/AE mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2, **beidh an fhoclaíocht seo a leanas** i mír 3: [...]

Áiríteofar le dúshaothrú, ar a laghad, dúshaothrú striapachais daoine nó cineálacha eile dúshaothraithe ghnéasaigh, **dúshaothrú pósta éigeantais nó uchtaithe neamhdhleathaigh**, saothar nó seirbhísí éigeantais, lena n-áirítear déircínteacht, sclábhaíocht nó cleachtais atá cosúil le sclábhaíocht, daoirse nó dúshaothrú gníomhaíochtaí coiriúla nó baint orgán.

- (2) [...]

⁷ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

[...]

- (3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6 [...] :

‘Airteagal 6

Smachtbhannaí ar dhaoine dlítheanacha

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach, a chuirtear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 5(1) nó (2), **inphionóis le [...] smachtbhannaí nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha.** [...]

[...]

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú [...] go n-áireofar ar na **smachtbhannaí nó na bearta** a bhaineann le daoine dlítheanacha [...] atá faoi dhliteanas de bhun Airteagal 5(1) nó (2) **mar gheall ar na cionta dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 [...]** **fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus go bhféadfar smachtbhannaí nó bearta eile coiriúla nó neamhchoiriúla a áireamh orthu, mar shampla an méid a leanas:** [...]

(a) eisiámh ó theidlíocht i leith sochair phoiblí nó cúnamh poiblí;

(b) bunaíochtaí a úsáidtear chun an cion a dhéanamh a dhúnadh;

([...]) **c)** [...] dícháiliú ó ghníomhaíochtaí [...] **gnó**;

([...]) **d)** cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;

([...]) **e)** foirceannadh breithiúnach.

3. [...]

(3a) Aisghairtear Airteagal 7 de Threoir 2011/36/AE.

[...]

(4) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, trí dhlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin, sásra [...] atreorúcháin **amháin nó níos mó** a bhunú ag a bhfuil mar aidhm íospartaigh a shainaithint go luath, agus cúnamh agus tacaíocht a thabhairt dóibh, i gcomhar le heagraíochtaí tacaíochta ábhartha, agus chun pointe fócasach [...] **amháin nó níos mó** a cheapadh le haghaidh atreorú trasteorann íospartach.’

(5) In Airteagal 18, scriostar mír 4.

(6) cuirtear an tAirteagal 18a seo a leanas isteach:

8

8 [...]

'Airteagal 18a

*Cionta a bhaineann le húsáid seirbhísí [...] agus fios ag úsáideoir na seirbhísí gur íospartach [...] gáinneála ar dhaoine é **an duine a sholáthraíonn na seirbhísí [...]***

- (1) [...] Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun [...] **a áirithiú gur cion coiriúil é úsáid d'aonturas na seirbhísí arna soláthar ag íospartach ciona [...]** dá dtagraítear in Airteagal 2, **i gcás ina mbaintear leas as an íospartach chun na seirbhísí sin a thabhairt agus go ngníomhaíonn úsáideoir na seirbhísí agus fios aige gur íospartach ciona dá dtagraítear in Airteagal 2 é an duine a sholáthraíonn an tseirbhís.**
- (2) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil cion mar a bunaíodh i gcomhréir le mír 1 inphionóis trí phionóis éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha [...].
- (3) **Beidh feidhm ag Airteagail 5, 6, 9(1) agus Airteagal 10(1) agus (2) maidir leis an gcion a thuairiscítear i mír 1.'**
- (7) cuirtear an tAirteagal 19a seo a leanas isteach:

'Airteagal 19a

Bailiú sonraí agus staitisticí

1. Áiritheoidh na Ballstáit **go mbeidh córas i bhfeidhm chun sonraí staidrimh anaithnidithe a thaifeadadh, a tháirgeadh agus a sholáthar [...]** chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a gcórais chun cionta a chomhrac dá dtagraítear sa Treoir seo.

2. Áireofar leis na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 1, [...] **ar a laghad** [...], **sonraí atá ar fáil ar an leibhéal lárnach a bhaineann leis an méid a leanas** [...]:
- (a) líon **aitheanta** na n-íospartach agus líon **measta** [...] na n-íospartach dá dtagraítear in Airteagal 2, **a mhéid is féidir, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na cleachtais náisiúnta** [...];
 - (b) líon na n-amhrastach maidir le cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, imdhealaithe, **a mhéid is féidir**, de réir gnéis, aoisghrúpa (leanbh/duine fásta), saoránachta, agus chineál an dúshaothraithe;
 - (c) líon na ndaoine a ionchúisíodh i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, imdhealaithe, **a mhéid is féidir**, de réir gnéis, aoisghrúpa (leanbh/duine fásta), saoránachta, agus chineál an dúshaothraithe; chineál an chinnidh chríochnaithigh le hionchúiseamh;
 - (d) líon na gcinntí ionchúisithe (cúiseamh i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, cúiseamh i leith cionta coiriúla eile, cinneadh gan cúiseamh a dhéanamh, eile);
 - (e) líon na ndaoine a ciontaíodh i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, imdhealaithe, **a mhéid is féidir**, de réir gnéis, aoisghrúpa (leanbh/duine fásta), saoránachta;
 - (f) líon na mbreithiúnas cúirte (éigiontú, ciontú, eile) i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 2 [...];
 - (g) líon na n-amhrastach, na ndaoine a ionchúisíodh agus a ciontaíodh i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 18a, imdhealaithe, **a mhéid is féidir**, de réir gnéis agus aoisghrúpa (leanbh/duine fásta).
3. Tarchuirfidh Ballstáit in aghaidh na bliana don Choimisiún, faoin **31 Nollaig** [...] gach bliain, na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 2 le haghaidh na bliana roimhe.

(8) In Airteagal 23, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

- ‘3. Cuirfidh an Coimisiún, *[faoi 5 bliana tar éis an spriocdháta don trasuí]*, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a dhéanann measúnú ar an méid a ghlac Ballstáit na bearta is gá chun Airteagal 18a a chomhlíonadh agus an tionchar ó bhearta den sórt sin.’

Airteagal 2

1. Tabharfaidh Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá i bhfeidhm chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoi **2** [...] bhliain tar éis theacht i bhfeidhm ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí chun an tagairt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.
3. [...]

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán